



FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

AR AN TUARASCÁIL SPEISNÉATA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Sainchomhairleoirí seachtracha ag an gCoimisiún
Eorpach Raon feidhme d'athchóiriú

Ábhar

I. RÉAMHRÁ GINEARALTA DO NA FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN.....	2
II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE.....	2
Moladh 1 - Críoch a chur leis an gcreat atá ann cheana lena rialaítear an úsáid a bhaintear as seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha.....	2
Moladh 2 - Feabhas a chur ar an bhfaireachán agus maolú a dhéantar ar rioscaí a éiríonn as seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha a úsáid.....	3
Moladh 3 - Úsáid níos fearr a bhaint as torthaí na seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha.....	4
Moladh 4 - Feabhas a chur ar an tuairisciú ar na seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha.....	5

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. RÉAMHRÁ GINEARALTA DO NA FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

Soláthraíonn an Coimisiún seirbhísí sainchomhairleoireachta chun saineolas agus eolas speisialtóireachta a fháil, lena gcomhlánaítear an fios gnó inti. Glacann ceannairí ranna an Choimisiúin an cinneadh chun dul i muintín seirbhísí sainchomhairleoireachta, bunaithe ar a gcuid riachtanas agus bunaithe ar mheasúnú ar rioscaí agus ar acmhainní atá ar fáil. Cuidíonn sé sin chun a áirithiú go mbaintear úsáid éifeachtúil as acmhainní i gcomhthéacs na n-éileamh méadaitheach ar an gCoimisiún agus srianta diana buiséadacha.

Cé go bhféadfadh seirbhísí seachtracha sainchomhairleoireachta ionchur tábhachtach teicniúil a chur ar fáil don Choimisiún, bíonn sé go hiomlán freagrach as a chuid cúraimí féin a dhéanamh mar a shainítear iad sna Conarthaí, lena n-áirítear forbairt beartas. Ní dhéantar sainchomhairleoirí, mar acmhainní seachtracha, a chomhtháthú i mbeartas foirne inmheánach an Choimisiúin, agus ní dhéanann siad ionadú ar an gcroí-lucht saothair.

Bíonn an úsáid a bhaineann an Coimisiún as seirbhísí seachtracha sainchomhairleoireachta faoi réir ag tacar rialacha a bhíonn, mar atá ráite sa tuarascáil¹, á leanúint ag seirbhísí an Choimisiúin i gcomhréir le samhail dhíláráithe an Choimisiúin um chuntasacht airgeadais. Cé go measann an Coimisiún nach ndéanann torthaí an iniúchta cás ar son athchóiriú bunúsach ar úsáid na seirbhísí seachtracha sainchomhairleoireachta, cuireann sé fáilte roimh an tuarascáil ón gCúirt agus na conclúidí ar a ndéantar cur síos inti, d'fhonn an creat atá ann cheana a neartú a thuilleadh.

Glacann an Coimisiún leis na moltaí uile.

II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

Moladh 1 - Críoch a chur leis an gcreat atá ann cheana lena rialaítear an úsáid a bhaintear as seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha

(Spriocdháta cur chun feidhme CIE: Nollaig 2023)

Glacann an Coimisiún leis an moladh:

- a) sainmhíniú a thabhairt ar na foirmeacha éagsúla tacaíochta ar féidir leis na sainchomhairleoirí seachtracha a sholáthar;**
- b) treoraíocht a chur ar áireamh maidir le conas measúnuithe riachtanas a dhéanamh, lena n-áirítear modhanna chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann obair a sheachfhoinsiú in ionad an fhoireann inmheánach a úsáid;**
- c) critéir a sholáthar is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí agus próisis ar cheart dóibh fanacht laistigh den Choimisiún agus nár cheart a sheachfhoinsiú.**

¹ Féach barúil 35 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE).

Chun an moladh a chur chun feidhme, cuirfidh an Coimisiún treoraíocht thiomnaithe ar bun. Déanfaidh sé amhlaidh trí thógáil ar an tacar cuimsitheach rialacha agus treoraíochtaí atá ar bun faoi láthair. Áirítear orthu sin an creat dlíthiúil a sholáthraíonn an rialachán airgeadais agus na rialacha soláthair phoiblí, an creat um rialáil níos fearr maidir leis an treoraíocht le haghaidh sainchomhairleoireacht sheachtrach a úsáid i gcomhair meastóireachtaí agus staidéar, an treoraíocht chorparáideach maidir le soláthraithe seirbhísí seachtracha a oibríonn ó áitribh de chuid an Choimisiúin agus an creat tuairiscithe airgeadais (ABAC).

Agus an moladh seo á chur chun feidhme, áiríteoidh an Coimisiún bainistiú optamach acmhainní agus cothromaíocht idir an gá le maolú a dhéanamh ar rioscaí arna sainaithint ag CIE² agus an gá le rochtain sách solúbtha a ráthú ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta. Mar thoradh air sin ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann a chuid spriocanna agus tosaíochtaí beartais a bhaint amach, agus ag an am céanna urraim a thabhairt i gcónaí do phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais. Is mór ag an gCoimisiún na tagairtí a luaitear sa tuarascáil iniúchóireachta do na dea-chleachtais arna gcur chun feidhme ag seirbhísí an Choimisiúin³, mar shampla maidir leis an treoraíocht a sholáthraíonn na treoirilínte maidir le rialáil níos fearr agus an bosca uirlisí lena bpleanáiltear agus lena dtugtar bonn cirt don úsáid a bhaintear as seirbhísí comhairleachta i gcomhair meastóireachtaí, agus bainfidh an Coimisiún úsáid astu siúd mar thagarmharcanna.

Moladh 2 - Feabhas a chur ar an bhfaireachán agus maolú a dhéantar ar rioscaí a éiríonn as seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha a úsáid

(Spriocdháta cur chun feidhme CIE: Nollaig 2023)

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

a) anailís a dhéanamh go tráthrialta ar na rioscaí a bhaineann le comhchruinniúchán agus ró-spleáchas ar leibhéal na n-ardstíúthóireachtaí agus an Choimisiúin;

De réir mar a léirigh CIE sa tuarascáil⁴, d'fhéadfadh sé nach bhfuil cineálacha áirithe rioscaí corparáideacha a bhaineann le seirbhísí sainchomhairleoireachta le feiceáil ar leibhéal na nArdstíúthóireachtaí aonair. Déanfar seirbhísí lárnacha rioscaí den sórt sin a anailísiú go tráthrialta, bunaithe ar an bhfaisnéis a gheofar ó na hArdstíúthóireachtaí sna próisis measúnaithe rioscaí agus bunaithe chomh maith ar aon fhoinsé fhaisnéise eile, lena n-áirítear sna sonraí iomlána agus cruinne ón gCóras Trédhearcachta Airgeadais (FTS) (féach freagra ón gCoimisiún ar Mholadh 4 freisin). Tabharfar treoraíocht chomhlántach do na seirbhísí, de réir mar is gá.

b) Soiléiriú a thabhairt maidir leis na próisis a bhaineann le buntáistí iomaíochais a fuair soláthraithe seachtracha ag a bhfuil taithí fhadtéarmach Aontais;

De réir an Rialacháin Airgeadais, tá feidhm ag rialacha soláthair ghinearálta maidir le haon chineál chonartha soláthair, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le seirbhísí sainchomhairleoireachta. Tabharfaidh an Coimisiún soiléiriú breise ar na próisis atá ar bun.

² Féach barúlacha 37 go 54 ó CIE.

³ Féach barúil 28 ó CIE.

⁴ Féach barúil 56 ó CIE.

c) críoch a chur leis an treoraíocht maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint trí chomhtháthú a dhéanamh ar rioscaí nach gcumhdaítear go fóill.

Déanfaidh an Coimisiún na rialacha a bhaineann le seachaint coinbhleachtaí leasa gairmiúla a neartú agus a shoiléiriú tuilleadh trí threoirínte inmheánacha breise a fhorbairt, i dteannta an *Vade-mecum* ar Sholáthar atá ann cheana. Anuas air sin, sna leasuithe spriocdhírthe ar an Rialachán Airgeadais tá an Coimisiún tar éis ceanglais bhreise agus oibleagáidí breise a mholadh lena gcuirtear feabhas ar na forálacha den Rialachán Airgeadais atá ann cheana maidir le coinbhleachtaí leasa gairmiúla.

d) chun a áirithiú go ndéanfaidh na hardstiúrthóireachtaí rioscaí criticiúla a shainaitheint agus a thuairisciú, agus go tarraingeofar aird an bhoird bainistíochta chorpáidigh ar na rioscaí sin, chun go ndéanfaidh sé measúnú agus bainistiú rioscaí den sórt sin a chomhordú agus go dtabharfaidh sé comhairle ina leith;

Tá próiseas measúnaithe riosca dea-bhunaithe ag an gCoimisiún, ar ina dhiaidh a dhéanann gach Ardstiúrthóireacht measúnú ar na rioscaí a bhaineann lena cuid gníomhaíochtaí go tráthrialta agus a thugann sí fógra do na seirbhísí corparáideacha faoi na rioscaí criticiúla. Déantar agus leanfar i mbun na rioscaí criticiúla sin a thabhairt ar aird an Bhoird Bainistíochta Chorpáidigh. Tabharfar do na seirbhísí, de réir mar is gá, treoraíocht chomhlántach maidir le saincheisteanna a bhaineann le seirbhísí sainchomhairleoireachta seachtracha a úsáid.

Moladh 3 - Úsáid níos fearr a bhaint as torthaí na seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha

(Spriocdháta cur chun feidhme CIE: Nollaig 2023)

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin:

Cuireann an Coimisiún fáilte roimh an measúnú dearfach ó CIE maidir leis an gcreat um rialáil níos fearr, lena soláthraítear treoraíocht maidir le seirbhísí sainchomhairleoireachta seachtracha a úsáid agus a scaipeadh, agus lena rannchuidítear leis an gcinnteoireacht⁵. Déanfaidh sé tuilleadh anailíse ar conas optamú a dhéanamh ar an gcomhroinnt faisnéise a dhéanann an Coimisiún go himmheánach i dtaobh ceachtanna a foghlaimíodh maidir le raon feidhme iomlán na seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthraítear, ionas go mbainfear an leas is fearr as na seirbhísí a sholáthraítear agus as an bhfaisnéis a bhailítear ón taobh corparáideach de.

a) measúnuithe córasacha iar-chríochnúcháin chun ceachtanna a fhoghlaim;

Déanann an Coimisiún measúnuithe iar-chríochnúcháin sula ndéantar an íocaíocht deiridh leis an gconraitheoir. Tugtar le tuiscint leis sin athbhreithniú agus bailíochtú ar chúraimí/ar tháirgí insoláthartha, i gcomhréir leis na téarmaí conarthacha. I gcás nach gcomhlíonann na cúraimí/na táirgí insoláthartha ceanglais an chonartha, eagraítear nós imeachta bréagnaitheach, d'fhonn pionóis chonartha a chur i bhfeidhm. Féadfar ar áireamh orthu sin laghduithe praghsanna le haghaidh cáilíocht íseal nó damáistí leachtaithe le haghaidh moilleanna seachadta. Thairis sin, i gcás ina suítear gurb ann do rioscaí i leith leasanna airgeadais an Aontais ar bhonn sáruithe amhail, i measc nithe eile, mí-iompar gairmiúil tromchúiseach, neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle, calaois, éilliú nó easnaimh shuntasacha i bhfeidhmíocht chonartha as a dtiocfaidh a luathfhoirceannadh nó forchur pionós

⁵ Féach barúlacha 66 go 71 ó CIE.

conarthach, féadfar an conraitheoir a chlárú sa Bhunachar Sonraí Luathbhraite agus Eisiaimh. Bíonn faisnéis den sórt sin ar fáil do na hoifigigh údarúcháin i ranna uile an Choimisiúin.

Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún a shoiléiriú tuilleadh gur gá do na hArdstúirthóireachtaí measúnuithe ceachtanna foghlamtha a dhéanamh nuair a chuirtear conarthaí i gcrích.

b) anailís chórasach maidir le cé acu is gá nó nach gá eolas a aistriú ó na sainchomhairleoirí chuig foireann an Choimisiúin;

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. Maidir leis an aistriú eolais ó na sainchomhairleoirí chuig foireann an Choimisiúin nó chuig sainchomhairleoirí eile a dhéanann obair leantach ar chúram sonrach, tá gá leis le haghaidh na hoibre leantaí ar fheidhmíocht an chonartha agus an aistrithe. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún a shoiléiriú tuilleadh gur gá do na hArdstúirthóireachtaí eolas a aistriú nuair a chuirtear conarthaí i gcrích. Thairis sin, féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí clásal roghnach conarthach a chur ar áireamh sna samhlacha conarthaí.

c) Socruithe ar leibhéal corparáideach chun ceachtanna foghlamtha agus torthaí a scaipeadh, agus chun dea-chleachtais a shainathint sna tascanna a rinne sainchomhairleoirí seachtracha.

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. Féachfaidh sé conas is féidir tuilleadh éascaíochta a dhéanamh ar chomhroinnt agus scaipeadh na gceachtanna foghlamtha agus na dtorthaí agus ar shainathint dea-chleachtas a bhaineann le seirbhísí sainchomhairleoireachta a úsáid sna líonraí inmheánacha gairmiúla ábhartha den Choimisiún, ag féachaint go cuí don rúndacht agus ceanglais cosanta sonraí is infheidhme.

Moladh 4 - Feabhas a chur ar an tuairisciú ar na seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha

(Spriocdháta cur chun feidhme CIE: Nollaig 2023)

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Tá an Coimisiún ar aon fhocal le dearcadh CIE gur féidir tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht na sonraí ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta. Tá beart déanta cheana aige chun déanamh amhlaidh trí rialacha sonracha cáilíochta sonraí a thabhairt isteach le haghaidh taifeadadh sonraí ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta (lena n-áirítear an fo-chineál seirbhíse a léiriú i gceart, is é sin staidéar) ag ranna an Choimisiúin i gcórais faisnéis airgeadais an Choimisiúin. Maidir le sonraí sainchomhairleoireachta, lena n-áirítear ar an méid agus na cineálacha seirbhísí sainchomhairleoireachta a fuarthas, ní féidir iad a fhoilsiú ach amháin ar choinníoll go n-urramaítear na ceanglais cháilíochta sin.

I ndiaidh seiceálacha cáilíochta den sórt sin, leanfaidh an Coimisiún air ag tuairisciú trí bhíthin an Chórais Trédhearcachta Airgeadais (FTS), tairseach gréasáin atá oscailte don phobal i gcoitinne agus a thugtar cothrom le dáta ar bhonn bliantúil⁶. Mar shampla, beidh conarthaí 2021 ar fáil faoi dheireadh mhí an Mheitheamh 2022, i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 38 den Rialachán Airgeadais.

Déanfaidh an Coimisiún machnamh ar conas tuairisciú a dhéanamh go tráthrialta ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil in FTS agus déanfaidh sé a mharana ar thuairisciú breise a dhéanamh, de réir mar is cuí.

⁶ Nasc chuig an gCóras Trédhearcachta Airgeadais (FTS): <https://ec.europa.eu/budget/financial-transparency-system/index.html>